**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# EALAÍN

## Cumadóireacht Shamhlaíoch agus Ábhar Neamhbheo

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain, 29 Aibreán – Dé hAoine, 10 Bealtaine     Maidin, 9.30 - 12.00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 16 Aibreán**

## Treoracha

Tá cead agat oibriú le dath, monacróm, meáin mheasctha, colláis nó meán oiriúnach ar bith eile. Níl cead olaphéinteanna ná ábhar orgánach meatach a úsáid, áfach. Níl cead agat áiseanna mar stionsail, teimpléid, íomhánna rianaithe, obair ealaíne réamhullmhaithe ná íomhánna fótagrafaíochta a thabhairt isteach sa scrúdú.

Scríobh do Scrúduimhir go soiléir sa spás atá ann di ar do bhileog A2. Scríobh an teideal – ‘Cumadóireacht Shamhlaíoch’ nó ‘Ábhar Neamhbheo’ – díreach faoi do Scrúduimhir.

Más mian leat oibriú ar bhileog dhaite, **ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú** á dheimhniú go bhfuil sí folamh. Uasmhéid na bileoige: A2.

## Roghnaigh ceann amháin díobh seo a leanas:

**1.** Déan **Cumadóireacht Shamhlaíoch** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla: A, B, C, D. **Ba chóir duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Shamhlaíoch a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

**2.** Déan **Cumadóireacht Ábhar Neamhbheo** bunaithe ar fhoireann nithe a bhfuil tuairisc orthu i gceann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D nó a mheabhraíonn na sleachta sin duit. Ní mór duit nithe ábhartha a thabhairt chuig ionad an scrúdaithe chun go mbeidh ar do chumas **do chumadóireacht ábhar neamhbheo féin** a leagan amach. **Ní mór é seo a dhéanamh go tráthúil, roimh thús an scrúdaithe.** **Ní mór duit an pointe tosaigh agus an bunús atá le do Chumadóireacht Ábhar Neamhbheo a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.**

**3.** Déan **Cumadóireacht Theibí** bunaithe ar cheann **amháin** de na sleachta tuairisciúla A, B, C, D agus a fhorbróidh tú ón sliocht tuairisciúil a roghnaíonn tú. **Ba chóir an pointe tosaigh agus an bunús atá leis an gcumadóireacht theibí a lua ar chúl na bileoige líníochta agus an bhaint atá acu leis an sliocht tuairisciúil atá roghnaithe agat a chur in iúl.** Luaigh go soiléir cé acu 1 – Cumadóireacht Shamhlaíoch nó 2 – Ábhar Neamhbheo atá i do Chumadóireacht Theibí.

# Sleachta Tuairisciúla

## Sliocht A

Is fada clú ar an Antartach mar áit a bhfuil sé an-deacair maireachtáil ann. 'A Dhia na bhfeart! Is uafásach an áit é seo,' a scríobh Robert Scott, sula bhfuair sé bás i síobadh sneachta ag filleadh ón Mol Theas dó. Bhí sé féin agus a cheathrar compánach tar éis streachailt go ceartlár mór-roinne a bhí i bhfolach go domhain faoi na sraitheanna oighir, sraitheanna a bhí na ciliméadair ar doimhneacht. D'airigh siad mar a bheidís ag déanamh treaspáis i ndomhan coimhthíoch a bhí chomh fuar sin gur reodh a méara ina miotóga agus gur thiontaigh a gcosa dubh ina mbróga.

Tá sé níos éasca againne anois. Tá daoine in ann maireachtáil san Antartach ó cheann ceann na bliana anois de bharr na bhfabraicí tréscaoilteacha, na bhfoirgneamh réamhdhéanta, na *sno-cat* agus na *skidoo*-anna. Tá stáisiúin taighde breactha timpeall ar imeall na Mór-Roinne Báine agus ag an Mol féin fiú amháin. Ar sheilf oighir atá Bunáit Halley ag Suirbhé Antartach na Breataine. Bíonn sí le hardú ar chosa teileascópacha gach bliain d'fhonn í a choinneáil os cionn an tsneachta agus an oighir charntha.

Anseo ar Oileán na nÉan, ar imeall na críche Antartaí, bíonn sé níos éasca fós againn. Is annamh a thiteann an teocht faoi -10°C (agus is annamh a théann sí os cionn +5°). Leis an bhfírinne a dhéanamh, bíonn an samhradh anseo an-chosúil leis an ngeimhreadh in Éirinn: taisleach, ceo, ceobhrán agus spéartha ísle dorcha chomh maith le corrlá deas grianmhar. Bíonn an geimhreadh níos fuaire agus clúdaíonn sneachta domhain an t-oileán, ach murab ionann is na dúichí sceirdiúla sneachta níos faide ó dheas, bíonn beocht i ngach áit – na deicheanna de mhílte rón, éin de gach uile chruth agus mhéid, agus istigh san fhéar ard tortógach maireann feithidí bídeacha agus fíneoga fiú amháin.

In áiteanna eile ar an oileán, is féidir liom siúl suas go dtí albatrais agus piongainí ar a nead. Is beag faitíos a léiríonn siad agus fanann siad ina suí ar a n-uibheacha chomh fada agus nach scanraím iad. Is iompar tipiciúil é an dearcadh iontaobhach sin ag éin a chónaíonn ar oileán, rud atá acu, is dócha, cionn is gur éabhlóidigh siad in áit atá gan mamaigh chreiche. Bíonn na rónta beagáinín níos amhrasaí faoi dhaoine, amhail is a bheadh cuimhne chine i gcónaí acu ar áir an naoú haois déag.

Tá cuid mhór den saol ar an mbunáit bunaithe ar imeachtaí sóisialta, cóisirí téama, oícheanta scannán, cluichí agus deochanna iardhinnéir ag beár an Wanderer and Widge (i gcúinne na tolglainne). Ar éigean a bhíonn dóthain ama fanta le bheith ag sciáil (sa gheimhreadh), ag imirt peile (sa samhradh), ag grianghrafadóireacht, ag faire ar mhíolta móra, ag casadh ceoil, ag dreapadh agus ag siúl, gan trácht ar an mbunáit a choinneáil ag rith go mín réidh.

Míle míle ón tsibhialtacht atáimid agus braitheann sé scoite uaireanta. Ach ar dhóigh éigin, is annamh a tharlaíonn sin. Agus an chumarsáid satailíte mar atá anois, is féidir linn labhairt lenár dteaghlach agus lenár gcairde ar an taobh eile den domhan, teachtaireachtaí ríomhphoist a scríobh agus an nuacht a léamh. Is domhan é atá difriúil ar fad leis an gceann a d'fhág Scott ina dhiaidh i 1912, ach tá é chomh fiáin agus chomh hálainn i gcónaí agus a bhí sé an uair sin. Agus tá sé beagáinín níos éasca maireachtáil ann.

Arna chóiriú as tuairisc ar an Antartach le Brian Phalan in *Wild Ireland* iris fiadhúlra agus timpeallachta na hÉireann.

**Sliocht B**

Am lóin atá ann in Iostanbúl, an iarnóin marbhánta meirbh. Tá deireadh le calm na mochmhaidine a thosaigh le fuaim allabhrach an Iomám ag glaoch na ndaoine chun guí, agus ina áit tá an deifir agus an driopás atá níos coitianta sa chathair iltíreach seo. Ag stainnín spíosraí atá mé i mo sheasamh i margadh ollmhór taobh thiar den Mhosc Nua (mar a thugtar air, cé gur sa 16ú hAois a tógadh é) ag coirnéal Chearnóg Eminönö. Go tobann, tá scréach bhodhraitheach bonn le cloisteáil agus tugann Land Rover rúid de luas nimhe trí cheartlár an mhargaidh sa tóir ar Audi A5, iad ag leagan na stainnínί spíosraí, éadaigh agus turban mar a bheadh scidilí iontu. Nuair a stadann an dá fheithicil de thuairt agus iad bunoscionn, tugann fear i gculaith liath airgeadúil léim láimhe as an Land Rover, cromann taobh thiar de chráta oráistí agus scaoileann sé a ghunna láimhe, Walther PPK, le tiománaí cloigeannbhearrtha fuilteach an Audi. Tá nóiméad ciúnais ann ansin a fhad is atá daoine éagsúla sa timpeallacht ag dul ar foscadh, agus ansin 'Cut' de gholdar ard. Fáilte romhat go domhan James Bond. Is é an 103ú lá é de 133 lá ar scannánaíocht *Skyfall*, an 23ú scannán (oifigiúil) ag spiaire éachtach Ian Fleming. Is é Daniel Craig an fear sa chulaith liath airgeadúil agus tá sé i bpáirt 007 den tríú huair, i ndiaidh *Casino Royale* (2006) a bhí ar fheabhas agus *Quantum of Solace* (2008) nach raibh thar moladh beirte le bheith díreach faoi. Déanann sé greann lena chéile comhraic, Ola Rapace, agus lena chomhghníomhaire, Naomie Harris, sula mbogann sé taobh thiar de stainnín mar a raibh (mar a nochtadh níos déanaí) Rachael Weisz ag amharc ar a fear céile nua ag obair.

Gan moill ar bith, tagann criú na bhfearas go driopásach as gach cearn faoina mbrístí gearra deinim, a ngléasanna cinn agus a dtéip mharcála, chun an seit a chur i dtoll a chéile arís (mar is seit é; fiú amháin na piobair dhearga atá ar crochadh os comhair m'aghaidhe amach, níl iontu ach polaistiréin). Cuirtear na stainnínί ina gceart arís. Filleann na haisteoirí breise ar an áit ina raibh siad i dtús ama. Is trádálaithe áitiúla cuid mhór díobh seo. Íocadh 750 Lira Turcach (timpeall €300 in aghaidh lae) leo chun caillteanas an ghnó ar a stainnínί in aice láimhe a chúiteamh leo. Faoi shúile aireacha an stiúrthóra, Sam Mendes, agus an chineamatagrafadóra, Roger Deakins, réitítear ceithre cheamara ollmhóra dhigiteacha faoi choinne an chéad 'take' eile.

Tá obair chasta ar siúl inniu, 500 aisteoir breise agus 300 ball criú ann agus mórán 'takes'. Ní haon iontas é gur cuireadh ceithre seachtaine i leataobh chun radharc a cheapadh nach mairfidh níos mó ná ceithre nóiméad ar an scáileán. Ach cad é mar cheithre nóiméad iad agus ár ngaiscíoch sa tóir ar an drochdhuine trí Iostanbúl, ceithre roth fúthu i dtús ama agus ansin dhá cheann tar éis don bheirt léim ar ghluaisrothair a bhí caite i leataobh sa mhargadh. Réabann siad rompu ansin feadh dhíon an Bhasáir Mhóir agus amach trasna ar dhíonta Iostanbúl. Sa deireadh leanann an tóraíocht de chois ar feadh fad traenach agus críochnaíonn sí i bpléasc mhór a sheolfaidh isteach, mura bhfuil dul amú orm, an chéad chúpla barra den teidealamhrán le Adele.

Arna chóiriú as *The Name is Bond, James Bond* le Michael Doherty, The RTE Guide, 2012.

**Sliocht C**

Théadh an tIascaire óg amach ar an bhfarraige gach tráthnóna agus chaitheadh sé a eangacha san uisce. Nuair a shéideadh an ghaoth ón talamh ní bhfaigheadh sé aon rud, nó fíorbheagán ar aon nós, mar ba ghaoth phollltach dhúsciathánach í agus d'éiríodh tonnta garbha suas roimpi. Ach nuair a shéideadh an ghaoth ón bhfarraige, thagadh na héisc isteach ó dhoimhneacht na mara agus shnámhadh isteach i mogaill a eangacha, agus thugadh sé go háit an mhargaidh agus dhíoladh sé iad.

Théadh sé amach ar an bhfarraige gach tráthnóna, agus tráthnóna amháin bhí an eangach chomh trom sin gur ar éigean a bhí sé ábalta í a tharraingt isteach sa bhád. Rinne sé gáire agus dúirt sé leis féin, 'Cinnte dearfa, caithfidh sé go bhfuil beirthe agam ar gach iasc a shnámhann nó go bhfuil mé tar éis ollphéist liosta, a bheidh ina údar iontais ag fir, sin nó rud uafáis éigin, a ghabháil i mo

líon'. Agus lena raibh de neart ina chorp, tharraing sé ar na rópaí garbha go dtí gur at na féitheoga fada ar a lámha mar a bheadh línte de chruan gorm timpeall ar vása cré-umha. Tharraing sé ar na téada tanaí, agus dhruid ciorcal na gcorc cothrom níos gaire agus níos gaire dó, agus sa deireadh d'éirigh an eangach aníos i mbarr an uisce.

Ach iasc ar bith ní raibh inti, ná ollphéist ná rud uafáis, ach Maighdean Mhara bheag ina luí ina codladh go sámh.

Bhí a cuid gruaige ina lomra fliuch óir, agus gach ribe aonair mar a bheadh snáithe d'ór mín i gcupa gloine. Ba gheall le heabhar bán a corp, agus d'airgead agus de phéarla ba ea a heireaball. D'airgead agus de phéarla a heireaball agus corntha thart air bhí fiailí glasa na mara; ba chosúil le sliogáin mhara a cluasa agus le coiréalach mara a beola. Bhris na tonnta fuara ar a cíocha fuara agus bhí an salann ag glioscarnach ar chaipíní na súl aici. Bhí sí chomh hálainn sin gur líonadh an tIascaire óg le hiontas ar í a fheiceáil. Shín sé amach a lámh agus tharraing sé an eangach gar dó, luigh amach thar thaobh an bháid agus d'fháisc chuige ina lámha í. Agus nuair a theagmhaigh sé léi lig sí grág aisti ar nós faoileáin ar baineadh geit as agus mhúscail sí. D'amharc sí air agus scéin ina súile liathchorcra aimitise. Streachail sí leis ag féachaint le héalú uaidh. Ach d'fháisc sé chuige go teann í is ní scaoilfeadh sé léi.

Théadh an tIascaire óg amach ar an bhfarraige gach tráthnóna, scairteadh sé ar an Maighdean Mhara, d'éiríodh sí as an uisce agus chanadh sí dó. Bhíodh na deilfeanna ag snámh timpeall agus timpeall uirthi agus na faoileáin fhiáine ag guairdeall os a cionn. Amhrán iontach a chanadh sí. Faoi Mhuintir na Mara a chanadh sí, an dream a sheolann a n-ealtaí ó phluais go pluais agus a iompraíonn na gamhna beaga ar a nguaillí; faoi na Tríotóin a mbíonn féasóga fada glasa orthu agus brollaigh ghruagacha agus a shéideann trí shliogáin chorntha nuair a ghabhann an Rí thar bráid. Chanadh sí faoi phálás an Rí den ómra déanta, díon air de smaragaid ghlé agus pábháil de phéarla geal; agus faoi ghairdíní na mara mar a luascann na feananna móra fíolagráin de choiréal ar feadh an lae, mar a scinneann na héisc thart mar a bheadh éin airgid ann, mar a bhfuil na bundúin leice i bhfostú sna carraigeacha agus na caoróga mara ag borradh sa ghaineamh buí iomaireach. Chanadh sí faoi na míolta móra a thagann aduaidh ó na farraigí thuaidh agus coinlíní géara reo crochta ar a n-eití; faoi na Síréanaí a labhraíonn faoi rudaí atá chomh hiontach sin go gcaithfidh na ceannaithe a gcluasa a líonadh le céir ar fhaitíos go gcloisfidís iad is go léimfidís amach san uisce agus go mbáfaí iad. Chanadh sí faoi na rámhlonga báite lena gcrainn arda, mairnéalaigh reoite agus greim i gcónaí acu ar an rigín agus ronnaigh ag snámh isteach agus amach ar na sliosphoill oscailte. Chanadh sí faoi na giúrainn bheaga, na taistealaithe iontacha sin a ghreamaíonn de chíle na long agus a imíonn timpeall agus timpeall an domhain; agus faoi na cudail a chuireann fúthu i sleasa na n-aillte agus a shíneann amach a lámha fada dubha agus a dhéanann oíche den lá nuair is áil leo é. Chanadh sí faoin nátalas a bhfuil bád dá chuid féin aici a snoíodh as ópal agus a iompraíonn seol síoda; faoi na Murúcha Fir ar a sáimhín ag seinm ar chláirseacha a chealgfadh an Kraken mór féin chun suain; faoi na leanaí beaga a bheireann ar na muca sleamhna mara agus a théann ag marcaíocht agus ag gáire ar a ndroim. Chanadh sí fosta faoi na Maighdeana Mara a luíonn sa chúr bán agus a shíneann amach a lámha chuig na mairnéalaigh, faoi na rónta móra lena starrtha cuara agus faoi na capaill mhara lena moing ar snámh.

Arna chóiriú as *The Fisherman and his Soul* le Oscar Wilde, Harper Collins, 1994.

**Sliocht D**

D'éiríomar go luath mar bíonn El Mercado ar oscailt faoi choinne gnó agus lán daoine de ghnáth faoina 8 a.m. Stopamar ag bialann bheag i mbeár, La Churrasquita, (ar imeall an mhargaidh) le haghaidh caife láidir Spáinneach agus na croissants troma áitiúla; ansin thosaíomar ár siúlóid trí na foirgnimh. Trí dhoirse ollmhóra de ghreillí iarainn a théann daoine isteach i ngach pasáiste sna foirgnimh.

Cheapamar go rabhamar luath ach bhí na scórtha ban tí agus málaí siopadóireachta cniotáilte acu ann romhainn, mar a bhí Avelino Gomez, príomhchócaire an óstáin is fearr in Santiago. Déanann sé a chuid siopadóireachta féin gach maidin agus ansin seachadtar a roghanna earraí trasna an Plaza Obradoiro go dtí a chistin. Bhí sé in iomaíocht leis na mná agus iad ag iniúchadh na scuideanna agus na n-ochtapas, ag tomhas mheáchan na dtriopall trom fíonchaor ina lámh agus ag ransú trí na múrtha de sheallóidí úra. Chonacthas dúinn go raibh trilseáin fhada ghairleoige ar crochadh i ngach áit, áit ar bith idir aon bhleib amháin agus trí dhosaen díobh i ngach aon trilseán acu. Bhí na múrtha pónairí ann, idir bhán agus rua, piseánaigh agus piseanna úra. Cruachta ina bpirimidí bhí úlla glasa, dearga agus buí; piorraí, piobair, trátaí, oinniúin agus cúcamair ina suí i mboscaí oscailte adhmaid a bhí in úsáid leis na hearraí a chur ar taispeáint. Tá ráchairt mhór ar dhuilleoga dúghlasa na dtornapaí mar chomhábhar sa chócaireacht sa Ghailís.

Tá 387 seastán difriúil in El Mercado. Díoltar gach rud ó thorthaí, glasraí, bia mara go huibheacha úra, crúibíní muc idir úr agus leasaithe, sicíní a maraíodh le gairid nó atá fós beo, meannáin agus uain, ispíní spíosraithe ar a dtugtar *salchichon* nó ispíní ar a dtugtar *longanizas* a dhéantar go hiomlán as muiceoil. Bíonn builíní cruinne d'arán baile agus crothán plúir ar chuid acu, ina suí taobh le cácaí milse agus le brioscaí a dhéantar go háitiúil agus le pacáistí agus araidí gránphlúir. Príomhbhia eile sa Ghailís é an gránphlúr. Úsáidtear é mar bhonn le *millo cos xoubas*, putóg áitiúil.

Bhí a lán cineálacha de *queso tertilla*, an cháis chruinneachánach áitiúil, ar fáil ann. Ar aghaidh Eaglais San Feliz amach bhí cairt bheag díola de dhéanamh seaninneall traenach. Bhíothas ag díol *castanas* rósta, castáin, agus b'aoibhinn an blas a bhí orthu.

Sraith d'ocht bpasáiste leathana atá sa mhargadh leis an bhfírinne a rá, ceithre cinn i ngach foirgneamh. Féadann siopadóirí dul suas pasáiste amháin agus síos ceann eile, arís agus arís eile, sa dóigh is nach mbeidh aon chuid den raidhse gan teorainn, nó sin an chuma atá air, de bhia mara na Gailíse, de ghlasraí, de thorthaí agus d'fheoil, nach bhfeicfidh siad.

In araidí bána tílithe i ndiaidh a chéile, mar shampla, gheobhaidh tú cairn *vieiras*, muiríní milse ó chósta na Gailíse, nó na portáin faoilinne ollmhóra ar a dtugtar *centollos*, nó na giúrainn charraige a dtugann na Spáinnigh *percebes* orthu, nó *langostinos* agus *gambas* atá gaolmhar leis an ribe róibéis, nó eascanna óga ar a dtugtar *angulas*, chomh maith le *mejillones*, diúilicíní beaga milse.

Tá muintir na Gailíse bródúil as a gcuid bia mara, agus fáth acu leis. Seolann siad cuid mhór de go dtí na margaí in Maidrid gach lá ach coinníonn siad roinnt mhaith de dóibh féin. Agus mar sin in El Mercado bíonn na cairn den trosc úr, den turbard, den cholmóir, den mhilléad dearg, den deargán, d'oisrí leathana feanchruthacha, agus d'eascanna beaga geala, cuid acu gan a bheith níos mó ná orlach ar fad.

Ar foscadh taobh amuigh faoi na díonbhrait, tá póirtéirí tuirseacha cruinnithe le chéile ag scéalaíocht, mná faiseanta ag deifriú thar bráid ar feadh an ama. Tá páistí scoile ag guailleáil agus ag seápáil ar an plaza. Tá ceoltóirí á n-eagrú féin ag an gcoirnéal is fearr, iad ullamh le siamsaíocht a chur ar fáil don slua atá ag dul thart. Nochtann mangairí ócáideacha go tobann, iad ag díol earraí góchumtha mar mhálaí, uaireadóirí agus spéaclaí gréine. Sleamhnaíonn siad leo as radharc sa slua a luaithe a fheiceann siad póilín.

Arna chóiriú as *Food Market in Galicia* le Fred Ferretti, The New York Times, 1983.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013

# EALAÍN

Dearadh

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Dé Luain 29 Aibreán – Dé hAoine 10 Bealtaine     Maidin 9:30 – 12:00**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt 16 Aibreán**

**Treoracha**

Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.

**Níl cead** agat áiseanna amhairc ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.

Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)**

Ní mór an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh roimh an scrúdú agus ba chóir do chuid **taighde** a bheith ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu in aon mheán oiriúnach a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Tá cead agat nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, mar aon le líníocht le peann, peann luaidhe, péint nó aon mheán oiriúnach eile, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. **Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid**, agus iad daite más mian leat. Caillfidh tú marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeidh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- do Bhileog A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- do Bhileog A2 de **Réamhsceitsí**
- **do Mholadh Dearaidh Deireanach.**

## Sleachta Tuairisciúla

**Sliocht A**

Péintéir a bhí ann a raibh grá aige dá ghairdín, gairdín a d'éirigh chomh cáiliúil sin agus a neadaigh chomh mór sin i bhfo-chomhfhios an phobail go bhfuil íomhánna de ar crochadh mar pháipéar balla ar fud an domhain mhóir. Agus fós féin níl an aisling imithe i léig. Tagann beagnach leathmhilliún cuairteoir gach bliain chun iad féin a thumadh sa domhan uathúil a chruthaigh Claude Monet, domhan a mhúnlaigh sé chun foirfeachta sna trí bliana is daichead deiridh dá shaol a bhí thar a bheith bisiúil, agus an áit ar cheiliúir sé fíorealaín na garraíodóireachta. Ní dhéanfaidh Monet aon phéintéireacht go deo arís agus ní athróidh a chuid canbhás go brách. Ach an gairdín a éiríonn as an nua gach bliain ón ithir lom ní chailleann sé aon chuid dá dhraíocht. An droichead beag clúdaithe le dath bán agus le dath liathchorcra, sraitheanna feileastraim ina siansa gorm, tonnta glasa de bhiolair lonracha, réaltraí de phoipíní agus de rósanna, téann siad ar fad i gcomhar le chéile chun féasta a chruthú don tsúil, féasta a athghintear gach bliain.

I bhfótagraf a tógadh sa bhliain deiridh dá shaol, tá an t-ealaíontóir, a bhí mar sheanóir agus mar ionchollú an Impriseanachais, ina shuí ar bhinse le hais a locháin agus é chomh dothuigthe le sfioncs. Lena dhraíodóireacht ghairneoireachta féin timpeall air a bhí mar mhóitíf dá éirim ealaíne, is é Claude Monet féin, déantóir na n-íomhánna, atá ina íomhá anois. Ní insíonn na súile atá faoi scáth ag hata mór tuí agus ag spéaclaí dorcha, ná an béal atá folaithe ag féasóg fhada bhán, dada dúinn ach tá a lámha go hiontach tromchiallach – lámha a léirmhínigh físeanna fir a raibh a shaol ar fad ina shúile – súile a shainmhínigh a shaol agus ansin a thug chun bealaigh é nach mór, lámha a rinne péintéireacht le deacracht ach a rinne garraíodóireacht le lúcháir. Tá beatha agus anam gairdín ceangailte go hiomlán leis an ngarraíodóir agus is in éineacht a rinne Monet agus a ghairdín an turas sin tríd an saol. D'éirigh siad chomh do-scartha sin gurb ionann dhá ghairdín Monet agus 'dhá Monet', faoi mar a chuir scríbhneoir amháin é.

Ba in Giverny a d'fhigh Monet duail uile a shaol cruthaitheach le chéile sa chaoi gurbh iad fíorfhabraic an ghairdín iad, iad samhlaíoch i dtólamh agus go minic uathúil. Seachas ní ar bith eile, ba ghairdín péintéara é, a ceapadh agus a cuireadh i spiorad agus in éiteas na nImpriseanaithe. Ba iadsan, b'fhéidir, seachas gluaiseacht ealaíne ar bith eile, a rinne iniúchadh ar bhealaí nua leis an domhan a léirmhíniú. Ba iad léiriú an duine aonair, spontáineacht agus ceiliúradh an nádúir a bhí mar leitmóitífeanna acu agus spreag siad Monet le pléisiúr na gcéadfaí a thabhairt chuig péintéireacht nach raibh ar eolas aici ach stíl, agus le gléigile a thabhairt chuig pailéid nach raibh ar eolas acu ach stuamacht. Thug an tImpriseanachas an phéintéireacht amach as an Ré Dhorcha agus líon le solas na gréine agus le haer úr í, á cur ina aithne don domhan mór lasmuigh agus ag scairdeadh solais ar chanbháis nár scaird aon solas orthu roimhe sin. Cuireadh suas i ngach saghas aimsire tacais a bhíodh laistigh leis na céadta bliain roimhe sin, agus socraíodh iad le breith ar an solas. Ba é Monet féin an chéad duine a thuig go n-athraíonn an solas gach rud. Tráth a mbíodh pictiúir á gcumadh agus an laochas mar théama iontu, rinne Monet agus na hImpriseanaithe eile staidéar ar na priontaí bloc adhmaid de chuid na Seapáine a bhí tar éis tosú ag teacht chun na Fraince nuair a cuireadh tús leis an trádáil sna 1850idí. Tagann an dráma de sholas, de mhéid, de chumadóireacht neamheaglach agus de dhathanna fíoráille ar fad le chéile ina chuid péintéireachta. Blianta fada ina dhiaidh sin rinneadh iad a bheachtú mar phrionsabail agus mar phlandú in Giverny.

Athchóirithe as *Monet's Garden Through the Seasons at Giverny* le Vivian Russell, Harry N. Abram, 1996.

**Sliocht B**

In Éirinn sa tseanaimsir, bhíodh tionóil agus féilte rialta á reáchtáil go séasúrach ag pobail. Bhíodh feidhmeanna éagsúla creidimh, searmanais, polaitíochta agus tráchtála leo ach is cinnte go raibh feidhmeanna sóisialta agus cumarsáide leo freisin. Le linn na meánaoiseanna bhíodh na tionóil seo ar siúl amuigh faoin aer ar láithreacha tionóil a bhí leagtha amach go sonrach dóibh, go hiondúil ar chnoic a raibh sé éasca teacht orthu. Ba mhinic freisin a bhí ceangal ag na láithreacha le séadchomharthaí ón Aois Neoiliteach nó ón gCré-umhaois nó sin go raibh gnéithe nádúrtha den scoth ag baint leo. Féachadh ar na láithreacha tionóil mar áiteanna beannaithe agus tá fianaise liteartha agus staire le fáil a léiríonn gur díríodh aird faoi leith ar chrainn bheannaithe sna háiteanna speisialta seo.

Tá an cur síos liteartha is áille ar chrann beannaithe in Éirinn sa tseanaimsir le fáil i ndán sa *Dindshenchas* a bhfuil rann agus fiche ann. Caointear sa dán cailleadh an Bhile Tortan, an crann fuinseoige beannaithe a bhíodh ag fás tráth ar Ard Breacáin in aice leis an áit ina bhfuil an Uaimh i gContae na Mí sa lá atá inniu ann. Is iondúil go n-áirítear Bile Tortan ar cheann de chrainn 'mhiotasacha' na hÉireann, ach tá gach cosúlacht ann gur crann ceart a bhí ann, ar luaigh scríobhaithe na meánaoise tréithe iontacha leis, chun béim a chur ar an tábhacht a bhain leis agus an tábhacht sin a mhéadú. Pé acu crann ceart nó crann samhailteach a bhí ann, bhí Bile Tortan áirithe ar cheann de na crainn tionóil ba thábhachtaí in Éirinn sna meánaoiseanna. Ba mharcálaí críche agus lárionad é a raibh ceangal aige leis an ríogacht, le haonaigh agus le cogaíocht.

Ba mhinic a théadh naoimh agus misinéirí chuig tionóil an phobail chun an creideamh nua a chraobhscaoileadh do na págánaigh a bhí i láthair. Nuair a bhí an t-iompú chun na Críostaíochta ag titim amach, rinneadh na gnéithe beannaithe reiligiúnacha de na tionóil a scaradh ó na gnéithe saolta. Rinneadh pátrúin agus oilithreachtaí de na gnéithe spioradálta agus ligeadh do na gnéithe saolta – amhail insealbhú taoiseach, trádáil nó cúirteanna dlí a reáchtáil – leanúint ar aghaidh mórán mar a bhíodh. Ligeadh do throscán beannaithe na n-ionad tionóil – toibreacha, clocha agus crainn, mar shampla – fanacht mar a raibh siad i gceartlár na ngníomhaíochtaí nua creidimh agus na seanghíomhaíochtaí saolta, aon uair amháin a choisriceadh na misinéirí iad ionas go nglanfaí ar shiúl aon nasc a bhí acu leis an bpágántacht.

Athchóirithe as *Trees of Inspiration – Sacred Trees and Bushes of Ireland* le Christine Zucchelli,
Le caoinchead Collins Press, 2010.

**Sliocht C**

Ina bhrionglóid bhí sé ag dreapadh arís, á tharraingt féin suas túr ársa nach raibh aon fhuinneoga air. Bhí a mhéara a mbrú féin isteach idir na clocha dubhaithe, a chosa ag fuadráil, ag iarraidh greim a bhaint amach. Suas leis, ag dreapadh níos airde agus níos airde fós, suas trí na néalta agus isteach i nduibheagán na hoíche, ach fós féin bhí an túr ag ardú roimhe amach. Nuair a stop sé le féachaint síos tháinig míobhán ina cheann agus mhothaigh sé a mhéara ag sleamhnú. Scread Bran agus d'fháisc sé é féin leis an mballa faoi mar a bheadh Dia á rá leis. Bhí an domhan míle míle thíos faoi agus ní raibh ar a chumas eitilt. *Ní raibh ar a chumas eitilt.* D'fhan sé nó gur tháinig maolú ar thrombhualadh a chroí agus go raibh sé in ann a anáil a tharraingt, agus ansin thosaigh sé ag dreapadh arís. Ní raibh aon áit eile le dul ach suas. Cheap sé go raibh sé in ann cruthanna ceann púca a fheiceáil i bhfad os a chionn, iad imlínithe ag gealach mhór bhán. Bhí a lámha tinn agus pianmhar ach níor lig an faitíos dó scíth a ligean. Chuir sé iallach air féin dreapadh níos tapúla. Bhí na cinn phúca ag faire air agus é ag dul suas. Bhí a súile ag lonradh chomh dearg le smeachóidí i gciseán tine. B'fhéidir gur leoin a bhí iontu tráth dá raibh ach anois bhí siad casta agus áiféiseach. D'fhéad Bran iad a chloisteáil ag labhairt le chéile i gcogar i nglórtha boga cloiche a chuirfeadh uafás ort ag éisteacht leo. Níor chóir dó éisteacht ar seisean leis féin, níor chóir dó iad a chloisteáil. Chomh fada agus nach gcloisfeadh sé iad bheadh sé sábháilte. Ach nuair a tharraing na cinn phúca iad féin saor ón gcloch agus nuair a thosaigh siad ag crágáil síos le taobh an túir i dtreo na háite ina raibh Bran teanntaithe, bhí a fhios aige nach raibh sé sábháilte mar sin féin. "Níor chuala mé," a chaoin sé agus iad ag teacht níos gaire. "Níor chuala, níor chuala."

Dhúisigh sé agus é ag ligean uspóg, é caillte sa dorchadas, agus chonaic sé scáil ollmhór os a chionn. "Níor chuala mé," ar seisean i gcogar agus é ar croitheadh le teann faitís, ach ansin labhair an scáil agus dúirt sé "Hodor," agus las sé an choinneal cois na leapa agus lig Bran osna faoisimh as féin.

Nigh Hodor an t-allas de le héadach tais bogthe agus ghléas sé é le lámha a bhí stuama caoin. In am tráth, d'iompair sé síos chuig an Halla Mór é, áit a raibh bord fada tristéil socraithe in aice na tine. Bhí suíochán an tiarna ag ceann an bhoird fágtha folamh, ach shuigh Robb ar thaobh na láimhe deise de agus Bran anonn uaidh. D'ith siad feoil bainbh an oíche sin agus pióg cholúir, agus tornapaí a bhí ar maos in im. Ina dhiaidh sin bhí cíora meala geallta ag an gcócaire dóibh. Sciob Summer blúirí bia ón mbord as láimh Bran, fad agus a bhí Grey Wind and Shaggydog ag troid faoi chnámh sa chúinne. Ní thiocfadh madraí Winterfell in aice leis an halla anois. B'ait le Bran é sin ar dtús ach bhí sé ag dul i gcleachtadh air.

Athchóirithe as *A Game of Thrones* le George R.R. Martin, Harper Voyager, 2011.

**Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
**Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Póstaer ag fógairt taispeántas ealaíne de chuid na nImpriseanaithe bunaithe ar shliocht A.

(b) Cló-aghaidh ornáideach (aibítir) atá bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B. Ní mór duit cló-aghaidh a dhearadh i gcomhair cúig cinn de litreacha ar a laghad.

(c) Cuireadh chuig féasta a bheidh ar siúl sa Halla Mór in Winterfell, bunaithe ar Shliocht C.

B'fhearr litreoireacht phearsantaithe lámhdhéanta, rindreáilte. Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le do rogha clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach, agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid le húsáid mar chlúdach do bhiachlár, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Léaráid faoi na crainn 'mhiotasacha', bunaithe ar Shliocht B.

(c) Léaráid bunaithe ar an túr faoi mar a chuirtear síos air i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an líonóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochnaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

**3. Fabraicphriontáil**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Scaif ornáideach bunaithe ar na plandaí i Sliocht A.

(b) Taipéis bhalla nó athphatrún faoi na séadchomharthaí bunaithe ar Shliocht B.

(c) Athphatrún leath-thite bunaithe ar aon cheann de na híomhánna a thugtar le tuiscint i Sliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsalphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

4. **Bróidnéireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar na cuntais ar an duilliúr agus ar na bláthanna a gcuirtear síos orthu i Sliocht A.

(b) Painéal bróidnithe le caitheamh ag taoiseach nó rí ón tseanaimsir, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Cúisín do shuíochán an tiarna, bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

5. **Fíodóireacht**

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ruga fite bunaithe ar an ngairdín a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Taipéis bunaithe ar aon radharc i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla le húsáid sa Halla Mór, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go gcuirfí san áireamh i do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

6. **Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Coimeádán ceirmeach do phlandaí nó próca gairdín, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Cuach bunaithe ar na híomhánna i Sliocht B.

(c) Árthach feidhmiúil le ceann de na bianna a luaitear i Sliocht C a choinneáil ann.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

7. **Puipéadracht**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Monet, an garraíodóir, bunaithe ar Shliocht A.

(b) An fear nó an bhean Neoiliteach, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Ceann púca bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir le hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

**8. Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán garraíodóra le paicéid síolta a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Comhad infhairsingithe le fótagraif agus líníochtaí de chrainn dhúchasacha na hÉireann a choinneáil ann, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Fillteán le dialann bhrionglóidí bunaithe ar Shliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar do dhearadh críochnaithe, agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail / na snaidhmeanna / an fearas dúnta, na samhlaoidí / an maisiúchán agus / nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bróisiúr do chúrsa péintéireachta a bheidh ar siúl in Giverny, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh do chlár mór fógraí chun 'An Tóstal' a fhógairt, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Clúdach leabhair do théacs dar teideal 'Casta agus Áiféiseach', bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfaí toisí ar an dearadh críochnaithe agus go dtabharfaí eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Plaic a bheadh oiriúnach d'ionad garraíodóireachta, bunaithe ar Shliocht A.

(b) Píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh thríthoiseach mar chomhartha do shuíomh beannaithe, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Lárphíosa saorsheasaimh tríthoiseach don bhord tristéil a luaitear i Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit stiúideo do chlár garraíodóireachta dar teideal 'Faoi Bhláth', bunaithe ar Shliocht A.

(b) Flóta do pharáid le hOidhreacht na hÉireann a cheiliúradh, bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stáitse do dhráma, bunaithe ar Shliocht C.

Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus maidir leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.

Leathanach Bán

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013**

# EALAÍN

## Ceardaíocht

Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Dé Luain, 29 Aibreán – Dé hAoine, 10 Bealtaine**

**Maidin, 9:30 – 12:00 Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt, 16 Aibreán**

### Treoracha

Tá cead agat do bhileog A2 d'obair ullmhúcháin (**bileog amháin**) a thabhairt isteach sa scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú, á dheimhniú gurb í do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.

**Níl cead agat áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil.

Tá cead agat ábhair cheardaíochta agus uirlisí cuí a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh.

Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.

Scríobh do **scrúduimhir agus an leibhéal** ar gach bileog, agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

Scríobh **uimhir na ceiste** atá roghnaithe agat, agus **an teideal**, ar gach bileog agus ar an lipéad ceardaíochta atá curtha ar fáil.

## Céim 1: Bileog d'Obair Ullmhúcháin (TAIGHDE)

Ba chóir go mbeadh do bhileog A2 den obair ullmhúcháin déanta agat roimh an scrúdú agus ba chóir do **thaighde** a bheith ann. Is é ba chóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu agus a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Bíodh do chuid oibre ar thaobh amháin den bhileog A2. Má roghnaíonn tú fótagraif nó íomhánna a gearradh amach as irisí a úsáid chomh maith le líníocht a dhéanamh le peann luaidhe, le peann, le péint nó colláis a chur le chéile etc., ní mór gach íomhá dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog ullmhúcháin A2.

## Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT) (10 marc)

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá ar do bhileog d'obair ullmhúcháin **a fhorbairt** agus ba chóir go mbreithneofá gnéithe den dearadh 2T nó 3T mar a oireann don cheist a roghnaigh tú agus fianaise a bheith ann ar **fhorbairt shuntasach bhreise** ar na smaointe seo. Is féidir sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt na smaointe a léiriú agus tagairt ar leith a dhéanamh do na dálaí físiúla, feidhmiúla agus ábhartha a bhaineann leis an gceist atá roghnaithe agat. Chomh maith leis na sceitsí de na smaointe a fhorbraíonn tú, ba chóir duit an dearadh deiridh atá molta agat a thaispeáint agus a dhéanamh ansin. **Ní mór duit oibriú go díreach ar do bhileog A2 agus úsáid a bhaint as sceitsí amháin, agus iad daite más mian leat.** Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog d'obair ullmhúcháin a dhéanann tú. Bíodh do chuid oibre ar fad ar thaobh amháin den bhileog A2

## Céim 3: Ceardaíocht Chríochnaithe (90 marc)

Déantar do phíosa ceardaíochta le linn thréimhse an scrúdaithe.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach trédhearcach ceardaíochta duit ina gcaithfidh tú na nithe seo a leanas a chur:***

- do bhileog A2 d'Obair Ullmhúcháin
- do bhileog A2 de Réamhsceitsí
- aon ní nó nithe eile (má shonraítear iad sa cheist atá freagartha agat)
- do phíosa ceardaíochta críochnaithe, más píosa déthoiseach é.

Más ceardaíocht thríthoiseach atá déanta agat, ba chóir í a chur anuas ar do chlúdach ceardaíochta séalaithe agus an lipéad cuí greamaithe de.

## Freagair ceann amháin díobh seo a leanas:

## 1. Leabharcheardaíochtaí

Dear agus déan comhad bosca **nó** vallait doiciméad **nó** fillteán chun gearrthóga ar cheann amháin de na topaicí seo a leanas a choinneáil:

(a) Laochra spóirt

(b) Na Ceithre Shéasúr

(c) Mo phleananna gairme.

**Ba chóir go bhfeidhmeodh do phíosa críochnaithe ceardaíochta agus ba chóir go mbeadh meicníocht dúnta air.** Ba chóir go gcuirfeadh a chruth an topaic in iúl.
Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.

**Ábhair:** meascán páipéar, cárta, ábhair cheangail, naisc, péinteanna, dúigh, ábhair cholláise, greamachán agus uirlisí cuí.

## 2. Peannaireacht

Dear agus déan píosa peannaireachta bunaithe ar **8 líne ar laghad de Théacs (a) nó 5 líne ar a laghad de Théacs (b).** Tá cead agat cur chuige traidisiúnta **agus/nó** nua-aimseartha peannaireachta a úsáid i do chuid oibre. Tá cead agat colláis, meáin mheasctha nó teicníocht chuí ar bith eile a úsáid mar chuid den saothar.

| **Téacs (a)** | **Téacs (b)** |
|---|---|
| duilleoga an fhómhair<br>seanfhoirgnimh<br>mo mhéar ar dhromlach leabhar<br>ag teacht ar iarsmlann<br><br>ealaíon<br>preabaireacht cheol<br>le bualadh do chroí<br>snagcheoil is mé<br><br>ag brionglóidí<br>dreacht tíre lán le cheol na n-éan<br>ag suí i bhfoscadh do ghrian,<br>bialann lasmuigh<br><br>ar shráideanna dhuirlinge Mhadrid<br>caillte i stair na Spáinne<br>ag foghlaim focail nua,<br>má ta aon cheo mar sin agam,<br><br>ní bhíonn bia de dhíth<br><br>*Rudaí a  Thaitníonn Liom le Colette Nic Aodha* | Níl a fhios agamsa ach doras isteach sa dhorchadas.<br>Amuigh, sean-acastóirí agus fonsaí iarainn<br>ag meirgiú;<br>Istigh, cling ard giorraisc na hinneonach á bualadh,<br>Eireaball fean de splancacha nach dtuarfá a dtreo<br>Nó an tsiosarnach nuair a chruaitear crú nua san<br>uisce.<br>Sa lár áit éigin atá an inneoin, caithfidh sé,<br>Adharc uirthi mar an t-aonbheannach, ar cheann<br>amháin agus cearnógach,<br>Suite ansin go dobhogtha: altóir<br>Mar a gcaitheann sé é féin i bhfoirm agus i gceol.<br>Amanna, naprún leathair air, ribí gruaige ina shrón,<br>Luíonn sé amach ar an ursain, tugann chun cuimhne<br>cliotar cleatar na gcrúb san áit a bhfuil laom na línte<br>tráchta;<br>Ansin téann isteach de chnead, de phlab agus<br>de smeach<br>Le fíor-iarann a bhualadh amach, chun an séidire<br>a oibriú.<br><br>*An Ceárta le Seamus Heaney* |

**Ábhair:** Dromchla oiriúnach don obair pheannaireachta – **uasmhéid na bileoige: A2**; meascán ábhar do cholláis: dúigh, péinteanna, pinn litreoireachta, scuaba, marcóirí peannaireachta, rialóir, crosbhacart, etc. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann a thugtar duit, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú, á dheimhniú go bhfuil sí bán.**

## 3. Póstaer

Dear agus déan póstaer **nó** cárta taispeána do cheann amháin de na topaicí seo a leanas:

(a) Comhdháil Ghairneoireachta, 2013

(b) Taispeántas Ceardaíochta na hÉireann

(c) Comhdháil Seandálaíochta na hÉireann.

**Ní mór teideal na topaice** a roghnaigh tú a bheith ar do shaothar críochnaithe. Is fearr litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta a úsáid agus ba chóir go gcuirfeadh an litreoireacht an topaic in iúl. Tá cead agat stionsal aibítre atá gearrtha agat féin a úsáid ach **ní mór duit an leagan amach agus spásáil na litreoireachta a dhéanamh le linn an scrúdaithe.** Is fút féin atá sé cruth agus cineál an chárta fógraíochta a roghnú, ach níor chóir go mbeadh sé níos mó ná A2 ar an toise is mó. Más mian leat oibriú ar bhileog seachas an ceann atá curtha ar fáil, **ní mór don fheitheoir an bhileog seo a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí folamh**.
**Ábhair:** Páipéir cholláise, cárta, ábhair uigeacha, greamacháin, dúigh, péinteanna, scuaba, rialóir, crosbhacart; meán ar bith eile a thriomaíonn go tapa, etc.
**Ní mór aon stionsal a úsáidtear a chur isteach leis an gcuid eile den obair.**

## 4. Fíodóireacht

Dear agus figh taipéis bhalla **nó** taipéis **nó** painéal do sheaicéad ag baint úsáide as ceann amháin de na téamaí seo a leanas mar an fhoinse do dhearaidh:

(a) ábhar neamhbheo

(b) tírdhreach Éireannach

(c) uirlisí na ceirde.

Úsáid éagsúlacht ábhar agus teicníochtaí san inneach. Úsáid dath, cruth, uigeachtaí agus patrún chun barr feabhais a chur ar do shaothar. Is ceadmhach meáin mheasctha a úsáid.
**Ábhair:** Dlúth a ullmhaíodh roimh ré ar sheol nó ar fhráma, éagsúlacht snátha, olla agus ábhar solúbtha atá oiriúnach don fhíodóireacht.

## 5. Blocphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) innill

(b) turas

(c) an cuan.

Ba chóir toisí 15 cm × 20 cm ar a laghad a bheith i do phrionta críochnaithe. Tá cead agat dearadh a dhéanamh do phrionta aondathach **nó** do phrionta a mbeidh dhá dhath ar a laghad ann.
Ba chóir saghsanna éagsúla gearrthacha a úsáid i do shaothar agus tuiscint chuimsitheach ar airíonna na líonóilphriontála / blocphriontála a léiriú.
**Ábhair:** Píosa(í) líonóile nó blo(i)c adhmaid (ag brath ar cé acu modh laghdaitheach nó bloc ar leith do gach dath a bheidh á úsáid agat) nach lú ná 15 cm × 20 cm; páipéar rianaithe, páipéar priontála, dúigh phriontála intuaslagtha in uisce a thriomaíonn go tapa; uirlisí gearrtha agus priontála, etc.
***N.B***. *Mura mbíonn do phriontaí tirim go hiomlán ag deireadh an scrúdaithe, clúdaigh go cúramach le plaisteach trédhearcach iad sula gcuireann tú isteach i do chlúdach ceardaíochta iad. Ba chóir duit do bhlo(i)c líonóile/adhmaid (agus plaisteach mórthimpeall air/orthu) agus do chuid rianuithe a chur isteach, freisin.*

## 6. Puipéadracht

Déan puipéad lámhainne **nó** puipéad maide **nó** puipéad téide bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) ealaíontóir atá ar do chúrsa i Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

(b) cónaitheoir faoi thalamh

(c) duine amhrasach.

Ba chóir go mbeadh do phuipéad oiriúnach do léirithe iomadúla. Níor chóir go mbeadh corp do phuipéid chríochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó. **Ní mór na héadaí agus na hoiriúintí a dhéanamh le linn an scrúdaithe. Ní mór na baill choirp a chur le chéile, a phéinteáil agus a mhaisiú le linn an scrúdaithe.**
**Ábhair:** Fabraic, snáth, ábhair uigeacha éagsúla, péinteanna, baill choirp déanta as cúr-rubar, *papier maché* nó as ábhair chuí eile.

## 7. Scáthlánphriontáil

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) sceirdiúil

(b) oíche Shathairn

(c) an scuaine.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ní mór forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm × 100 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic, scáthláin, ábhar stionsail, dúigh phriontála, cuimleoirí, téip chumhdaigh, etc.

## 8. Teicstílí Lámhphriontáilte

Dear agus priontáil athphatrún leath-thite ar phíosa d'ábhar oiriúnach bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) eitilt

(b) ag déanamh cumarsáide

(c) fás úr.

Úsáid trí dhath phriontáilte ar a laghad. Ba chóir forphriontáil a bheith san áireamh i do dhearadh. Níor chóir do phrionta críochnaithe a bheith níos mó ná 100 cm × 100 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic, ábhar stionsail, bloic, ruaimeanna, dúigh, etc.

## 9. Baitíc

Dear agus déan baitíc bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) tráth scíthe

(b) tá cónaí orm anseo

(c) creach.

Ní mór do bhaitíc a thumadh go hiomlán dhá uair ar a laghad le linn an phróisis. Níor chóir lámhphéinteáil a úsáid ach amháin ar réimsí beaga mionsonraí. Níor chóir go mbeadh do phrionta críochnaithe níos mó ná 100 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Fabraic oiriúnach do bhaitíc, céir, ruaimeanna, *tjanting*, scuaba, iarann, etc.

## 10. Criadóireacht

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leana:

(a) soitheach agus claibín air bunaithe ar fhoirmeacha beatha orgánacha

(b) painéal rilífe bunaithe ar thírdhreach uirbeach

(c) dealbhóireacht cheirmeach dár teideal "Oibrithe".

**Ní mór do shaothar a bhácáil** agus a mhaisiú le hábhair oiriúnacha mar shleamhnáin, glónraí agus ocsaídí. Ceadaítear am chun do shaothar a bhácáil agus a ghlónrú.
Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Cré a réamhullmhaíodh go cuí do do rogha teicníocht (roth- nó lámhdhéanamh), trealamh cuí criadóireachta agus ábhair chuí.

## 11. Bróidnéireacht

Dear agus bróidnigh dealbhóireacht bhog **nó** taipéis bhalla mhaisiúil **nó** píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:

(a) an aghaidh

(b) gairdíní

(c) ainmhithe sciathánacha.

Úsáid trí ghreim éagsúla ar a laghad (greim láimhe agus/nó greim meaisín) agus teicníochtaí éagsúla, e.g. feiltiú, stuáil, obair phaistí, *appliqué*, etc.
Uasmhéid: 50cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Ábhair éagsúla, ina measc nithe aimsithe, fabraicí, snáitheanna bróidnéireachta, cnaipí, coirníní, ribíní, seacainí, sreang, *papier maché*, etc.

## 12. Snoíodóireacht Adhmaid/Snoíodóireacht

Dear agus snoigh ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) plaic le Cultúr na hÉireann a chomóradh

(b) saothar saorsheasamh bunaithe ar an taisteal

(c) trinsiúr le haghaidh toradh gairneoireachta.

Tá an litreoireacht roghnach. Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Adhmad, plástar nó ábhar oiriúnach ar bith eile, trealamh snoíodóireachta agus bailchríocha cuí.

## 13. Miotalóireacht/Tógáil

Dear agus déan ceann amháin díobh seo a leanas:

(a) plaic nó saothar saorsheasaimh dár teideal "Sa Chathair"

(b) píosa de dhealbhóireacht saorsheasaimh mhiotail bunaithe ar Garraithe na Lus.

(c) píosa d'ealaín inchaite bunaithe ar "Duilleoga agus Caora".

Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Ábhair chruanta; miotail do theicníochtaí tógála; trealamh chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 14. Múnlóireacht

Dear agus múnlaigh píosa dealbhóireachta lánchumtha **nó** i bhfoirm rilífe bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) an lúthchleasaí

(b) ní fhanann an tráth le haon duine

(c) dufair uirbeach.

Ba chóir duit na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le solas ag lonradh ar dhromchlaí agus ar phlánaí a chur san áireamh. Uasmhéid: 40 cm ar an toise is mó.
**Ábhair:** Is féidir na múnlaí a dhéanamh as cré, as cré a thriomaíonn go tapa, as marla nó as ábhair ar bith eile atá oiriúnach do theicníochtaí múnlóireachta. **Níor chóir an saothar a bhácáil/ghlónrú.**

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2013**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

Ardleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé Luain 29 Aibreán – Dé hAoine 10 Bealtaine Tráthnóna 2:00 – 3:00**

Tá an páipéar seo le tabhairt do na hiarrthóirí **Dé Máirt 16 Aibreán**

---

## Treoracha do na Múinteoirí Ealaíne agus do na Feitheoirí

Dhá sceitse den chuspa a bheidh sa scrúdú. Staidiúir a mhairfidh cúig nóiméad déag a bheidh sa chéad sceitse. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi a bheidh sa dara sceitse. Tríocha nóiméad a mhairfidh an stiadiúir.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**
**Tá na frapaí seo a leanas ag teastáil:**

- **cathaoir**
- **t-bhacart**
- **úll.**

Beidh sé de chead ag an gcuspa suas le cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa le linn an scrúdaithe. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Tá na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig iomlán atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Níl cead ag iarrthóirí radharc ó chúl an chuspa a tharraingt. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa don dara staidiúir.

## Treoracha do na hiarrthóirí

Ní mór duit **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi den staidiúir a bhfuil cur síos uirthi sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir.** 30 nóiméad a mhairfidh an staidiúir. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an cloigeann agus na guaillí / leathfhíor a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí / an leathfhíor a dhéanamh, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sí socraithe agus an cloigeann, an muineál, na guaillí agus na géaga uachtair ar a laghad a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bheith ag breathnú go díreach ar an gcuspa (radharc díreach ar an aghaidh nó ón taobh).
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do líníocht le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2.
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog sin a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh.
  Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Tá cead agat breacléiriú a thabhairt ar an gcúlra.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)easamh agus**

- na cosa scartha óna chéile beagán
- t-bhacart ina lámha aige/aici, fiarthrasna ar an gcorp
- bun an t-bhacairt sa lámh chlé
- barr an t-bhacairt sa lámh dheas agus an uillinn lúbtha
- ceithre mhéar ar an lámh dheas le feiceáil agus an ordóg taobh thiar den t-bhacart
- an cloigeann ag féachaint ar clé.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

**Ba chóir go mbeadh an cuspa ina s(h)uí ceartdíreach ar chathaoir agus**

- na cosa sínte amach agus ag trasnú a chéile ag na rúitíní
- an lámh chlé ag coinneáil úill leis an mbéal agus an béal réidh le greim a bhaint as an úll
- an lámh dheas ina luí ar an leis dheas
- an cloigeann ag féachaint chun tosaigh.

Leathanach Bán

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2013

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar an Ealaín.

**Déardaoin, 13 Meitheamh Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa: 1000 AD - An Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

# Roinn I - An Ealaín in Éirinn

**1.** Nuair a tháinig na Ceiltigh go hÉirinn cuireadh tús le stíl ar leith maisiúcháin i snoíodóireacht cloiche agus sa mhiotalóireacht.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh an stíl seo agus déan cur síos achomair uirthi.
(b) Ainmnigh an rud atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus déan cur síos agus plé air. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, do na bunábhair, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun é a tháirgeadh.
**agus**
(c) Ainmnigh sampla amháin eile de shnoíodóireacht cloiche nó de mhiotalóireacht ón ré seo agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar an leathanach Chi-Rho agus déan comparáid idir é agus leathanach ainmnithe eile as Leabhar Cheanannais. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do na bunábhair, don mhaisiúchán agus don dath / do na dathanna.
**agus**
Déan cur síos achomair ar an méid atá ar eolas agat faoi na healaíontóirí a raibh baint acu leis an obair.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Déan cur síos agus plé ar Phaiteana Dhoire na bhFlann, atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***, agus déan comparáid idir é agus Cros Chonga atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** freisin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don tréimhse inar táirgeadh iad, don fhoirm, don fheidhm, do na bunábhair, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh.
**agus**
Ainmnigh déantúsán reiligiúnach amháin eile ón ré seo agus déan cur síos achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Tá Teach na Parlaiminte (Banc na hÉireann, Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a), (b) agus (c).
(a) Ainmnigh ailtire an bhunfhoirgnimh.
(b) Déan cur síos agus plé ar phríomhghnéithe ailtireachta Theach na Parlaiminte.
(c) Ainmnigh foirgneamh poiblí Éireannach amháin eile ón ochtú haois déag, déan cur síos achomair air agus déan comparáid idir é agus Teach na Parlaiminte.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Tá **'I nDáil a Chéile ar Staighre an Túirín'** le Frederic Burton (1816-1900) ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Freagair (a) agus (b).

(a) Cén bhrí atá an t-ealaíontóir ag iarraidh a léiriú, dar leat? Bíodh tagairt agat i do fhreagra do na teicníochtaí a d'úsáid an t-ealaíontóir chun an bhrí sin a chur in iúl; bíodh an t-ábhar, an comhdhéanamh agus an stíl péintéireachta san áireamh agat.

(b) Déan comparáid achomair idir pictiúr fíorach Éireannach eile agus **'I nDáil a Chéile ar Staighre an Túirín'**.

*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Phéinteáil Paul Henry (1876-1958) tírdhreacha a léirigh radhairc shuaimhneacha in Iarthar na hÉireann.
Déan plé ar an ráiteas sin agus tú ag trácht ar a shaothar i gcoitinne agus ar an bpictiúir **'Sráidbhaile i gConamara'** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus don dath / do na dathanna.
**agus**
Déan comparáid achomair idir **'Sráidbhaile i gConamara'** agus pictiúr tírdhreacha ainmnithe eile le healaíontóir Éireannach difriúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**7.** Roghnaigh **<u>duine amháin</u>** díobh seo a leanas:

- Harry Clarke (1889-1931)
- Seán Keating (1889-1977)
- Tony O'Malley (1913-2003)
- Robert Ballagh (b.1943)
- Dorothy Cross (b.1956)
- Alice Maher (b.1956)
- Colin Davidson (b.1968).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra/dearthóra atá roghnaithe agat agus déan tagairt mhionsonraithe do dhá shaothar ar leith. Bíodh tagairt agat don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicníochtaí agus do na tionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000 AD – An Lá inniu)

**8.** Caithfidh sé go ndeachaigh an aghaidh (façade) d'ardeaglais Ghotach i bhfeidhm go mór ar dhaoine ag bhí ag teacht ag adhradh san ardeaglais.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt d'ardeaglais Ghotach amháin a ndearna tú staidéar uirthi. Bíodh tagairt sa phlé agat do ghnéithe den ailtireacht agus don dealbhóireacht mhaisiúcháin.
**agus**
Déan cur síos achomair ar an ról a bhíonn ag gloine dhaite in ardeaglais Ghotach.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Bhí Paolo Uccello (1397-1475) faoi gheasa ag na dúshláin agus ag an bhféidearthacht a bhain leis an bpeirspictíocht.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do **'An tSeilg san Fhoraois'** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don pheirspictíocht, don ábhar, don chomhdhéanamh agus don ré inar táirgeadh é.
**agus**
Déan plé achomair ar conas a úsáideadh an pheirspictíocht i bpictiúr ainmnithe amháin eile ón ré seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Rinne ealaíontóirí ó ré luath na bPléimeannach dul chun cinn suntasach sa réalachas pictiúrtha agus sa léiriú nádúrtha.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do **'Críost á thabhairt anuas den Chros'** le Rogier van der Weyden (c.1399-1464) atá ***léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh pictiúr amháin eile le healaíontóir ón ré seo as Tuaisceart na hEorpa.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Ainmnigh an t-ealaíontóir a chruthaigh an dealbh **'Eacstais Naomh Treasa'** atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus déan cur síos achomair ar an ré inar táirgeadh é.
Déan cur síos agus plé ar an dealbh seo agus tú ag tagairt don ábhar, don chomhdhéanamh agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir seo agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Is minic, i saothar Jan Vermeer (1632-1675), a léirítear an áilleacht shíoraí i radhairc den ghnáthshaol laethúil agus de shaol an teaghlaigh.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shaothar ainmnithe le Vermeer.
Déan trácht ar an ábhar, ar an gcomhdhéanamh, ar an stíl agus ar na teicníochtaí a bhí in úsáid aige ina chuid oibre.
**agus**
Ainmnigh saothar amháin eile le Jan Vermeer agus déan plé achomair air.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Ba bhall bunaidh é Edgar Degas (1834-1917) de na hImpriseanaithe ach ba dhuine ar leith é i measc lucht a chomhaimsire ó thaobh na stíle de agus ó thaobh an ábhair a bhí aige.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt do shaothar ainmnithe le Degas. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don solas agus don dath / do na dathanna, agus do láimhseáil na n-ábhar.
**agus**
Cén tionchar a bhí ag forbairt na grianghrafadóireachta ar shaothar na nImpriseanaithe?
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar atá in oiriúint do **<u>cheann amháin</u>** de na catagóirí seo a leanas:

- féinphortráid d'ealaíontóir ainmnithe
- dealbhóireacht le Donatello (1386-1466)
- pictiúr le Titian (c.1488-1576)
- pictiúr le Goya (1746-1828)
- foirgneamh le Le Corbusier (1887-1965).

(b) Déan plé mion ar an saothar atá roghnaithe agat agus tú ag tagairt don ealaíontóir / ailtire, don stíl, don chomhdhéanamh/dearadh, do na bunábhair, don teicníocht agus don ré inar táirgeadh é.

(c) Ainmnigh saothar amháin eile leis an ealaíontóir/ailtire atá roghnaithe agat agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair (a), (b) agus (c).

(a) Déan plé ar fhorbairt **<u>ceann amháin</u>** de na stíleanna ealaíne seo a leanas:

- An stíl Ghotach Idirnáisiúnta
- Rómánsachas
- Pointíleachas
- Ciúbachas.

(b) Pléigh na príomhthréithe den stíl atá roghnaithe agat.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe amháin le healaíontóir a bhfuil a s(h)aothar ina shampla tipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht atá roghnaithe agat.

*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III -  Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Sa scannánaíocht braitheann éifeacht fhísiúil an scannáin ar fhís an stiúrthóra agus ar a c(h)umas dearadh na bhfeisteas, an smideadh, na seiteanna, na fearais stáitse, an suíomh, an obair cheamara, an soilsiú agus an fhuaim a chónascadh go héifeachtach. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do scannán ainmnithe.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar na coincheapa físiúla atá agat do ghearrscannán (10 nóiméad) chun 'Tóstal Éireann' (*The Gathering*) a cheiliúradh.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Freagair (a) agus (b).
Is é atá i gceist le hobair choimeádaíochta ná gach gné de thaispeántas a phleanáil cibé acu an taispeántas do ghailearaí nó músaem náisiúnta nó áitiúil é.
(a) Agus tú ag tagairt do thaispeántas ainmnithe ar thug tú cuairt air, déan cur síos agus plé ar na príomhchéimeanna a thugann an coimeádaí agus é/í ag pleanáil don taispeántas seo agus nuair a bhíonn an taispeántas á fheistiú.
(b) Dá mbeifeá i do choimeádaí, conas a thabharfá faoi thaispeántas a réiteach d'obair ealaíne na hidirbhliana i do scoil?
*Léirigh do fhreagra*.

**18.** Léiríonn tionscadail athchóiriúcháin gur féidir le hidirghabháil ailtireachta i seanfhoirgnimh a bheith go maith agus gur féidir léi leas an phobail áitiúil a dhéanamh.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt d'fhoirgneamh athchóirithe ainmnithe ar bith. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don suíomh/láthair, do na bunábhair, don bhunúsáid agus don fheidhm nua.
**agus**
Mol foirgneamh oiriúnach do thionscadal athnuachana a chuirfeadh le maise do cheantair áitiúil. Ainmnigh an foirgneamh agus tabhair breac-chuntas ar na smaointe atá agat do thionscadal den sórt seo.
*Léirigh do fhreagra*.

**19.** Is minic a bhaintear úsáid as bogearraí grianghrafadóireachta agus eagarthóireachta ar ríomhairí chun póstaeir a fhorbairt le scannáin nua a fhógairt. Déan plé ar an dá phóstaer atá ***léirithe ar an mbileog leis seo*** agus cuir i gcomparáid lena chéile iad. Cuir in iúl cé acu atá siad éifeachtach nó nach bhfuil agus cé acu póstaer díobh is éifeachtaí ó thaobh an dearaidh de, dar leat. Tabhair fáthanna le do fhreagra agus tú ag tagairt don choincheap, do na híomhánna, don leagan amach, don chlóghrafaíocht agus don dath / do na dathanna.
**agus**
Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann leis an ngrianghrafadóireacht dhigiteach a úsáid sa dearadh grafach.
*Léirigh do fhreagra*.

**20.** Tá ról ríthábhacht ag an bpacáistiú le deochanna boga a dhíol.
Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do dhá tháirge atá roghnaithe agat. Bíodh tagairt agat do choincheap an dearaidh, don bhrandáil agus d'úsáid na ngnéithe ealaíne mar an cruth agus an dath / na dathanna.
**agus**
Cad iad na rudaí is tábhachtaí ba chóir a chur san áireamh, dar leat, agus pacáistiú á dhearadh do chumhrán nó do lóis iarbhearrtha dírithe ar mhargadh an déagóra?
*Léirigh do fhreagra*.

Leathanach Bán

Leathanach Bán